

Éadaoin

Seacht Snaidhm na Seirce

Scéal Mór Grá na nGael
Tochmharc Étaíne

DIARMUID JOHNSON



An Chéad Eagrán 2020
© Diarmuid Johnson 2020

ISBN 978-1-909907-68-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: CL Print



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacáocht do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

CAIBIDIL I
Brú na Bóinne

I

Mian a tharla don Daghdha — cairdeas sliasta a dhéanamh le Bóinn, aithne chollaí a chur uirthi, comhrac na ngéag a dhéanamh léi, agus cumann an dá ghabhal. A mhian ba láidir, a aigne ba chráite, ba mhinic gan suan é, gan suan gan srann, óir bhí rún na drúise ag dordán ina chuisle agus ina chroí. Bhí bac air, ámh. Bac agus laincis: Ealcmhar Sean. Is é Ealcmhar a bhí i bhfeighil an Bhrú.

Ealcmhar! Cén mealladh amach ar chéile na Bóinne? Cén bréagadh chun bealaigh? Cén cuireadh chun coigríche? Cén gliceas, cén cleas, cén gníomh? Chuir an Daghdha tochas ina ioscaid. Agus nuair a chuir, rith fuascailt na faidhbe leis. ‘Cuairt na hÉireann!’ ar sé in ard a mheigill, agus bhuail béim dá lorg agus dá lom-mhaide ar urlár agus ar fhaiche Uisnigh.

Ní cian dá éis sin, thug an Daghdha a mhall-ruathar sáilmhór spadchéimiúil ó Uisneach Mí go bruach na Bóinne bitháille. Is san áit agus san ionad

sin a labhair sé le hEalcmhar an Bhrú, agus nuair a labhair, is de bhriathra binne bána a bhéil a shíl sé an bréagadh agus an bogadh a dhéanamh.

‘Tiarna chomh tiarnúil leatsa,’ ar sé, ‘flaith chomh flaithiúil leat, ruire chomh ríoga leat, nach mór is mithid dó dúichí na tíre a thaistéal agus a thaithí arís? Nach mór is mithid dó a chlú agus a cheannas a choigilt agus a chruinnchuimsiú arís ar fud Inse Fáil? Nach mór is mithid dó féachaint agus friotháil na hinse fraoch-chorcra seo a dhéanamh, idir chladaí agus chuanta, idir bhánta agus chruacha?’

‘Umm....’ arsa Ealcmhar go sean.

‘Nach mithid don tiarna sin feasta gluaiseacht leis ar camchuairt,’ arsa an Daghdha, ‘gluaiseacht leis d’fhonn deimhniú fearainn agus dearbhú flaithiúnais a dhéanamh — fearann agus flaithiúnas Inse Fódla?’

Is amhlaidh a tharla. Ghluais Ealcmhar leis. Agus nuair ba shiúlach dó i gcríocha aistreánacha iargúlta iomadúla na tíre, thug an Daghdha luí na Bóinne air féin, shín lena taobh tais tláith, agus chuir an síol sa gclais go mór meirbh magairleach. Lig Bóinn a cnead aoibhnis. Arsa sí: ‘Is óg an mac a gineadh i dtosach lae, mac a bhéarfar idir fuineadh gréine agus feascar na hoíche.’

Is ansin a chan an Daghdha briocht draíochta agus tincheadail mhóra, briocht agus tincheadail a bhain

ÉADAOIN

idir ocras agus íota d'Ealcmhar ar a chamchuart dó. Agus de bharr na mbriocht agus na dtincheadal sin, ba luath le hEalcmhar imeacht ama agus aimsire. Má ba luath ba líofa, má ba líofa ba luaimneach. Naoi lá agus naoi n-oíche, dar leis, b'aon lá agus aon oíche amháin. Naoi mí ba mhí. Naoi dtráth b'aon tráth amháin.

Nuair ab amhlaidh an scéal, chuir an Daghdha teimheal tromcheo ar an tír, teimheal tromcheo a cheil grua agus gnúis na gréine, agus de bharr an teimhil tromcheo sin, ba chian go liathadh an lae, ba chian go léas agus go loinnir an léirsholais tar éis na lán-oíche.

Ealcmhar: bliain dó ar chamchuart mhór na hÉireann. Bliain gan filleadh ar Bhrú ná ar Bhóinn. Agus ar fhilleadh dó i bhfoirceann a chuid siúil agus a chuid seachráin, ba shlán an bhean dá galar clainne. Rian den ghin, den toircheas ná den bhreith níor léir ar a sciamh, ar a cneas, ná ar a dealbh dhílis féin.

Maidir le hAonghas Óg, thug an Daghdha ar altramas do Mhidhir é — Midhir Bhrí Léith, Midhir an tsí — agus níl inseacht ná aithris ar an oiliúint a cuireadh air go ceann naoi mbliana i ndiaidh imeachtaí agus eachtraí an ama sin.

II

Teafa ab ainm don áit. Teafa iarthar Mí. É i gcóngar

an tsí i mBrí Léith. Má agus machaire ann. Agus trí chaogaid mac i mbun a gcuid cluichí ar an má sin: caoga i mbun báire, caoga i mbun bigireachta, caoga i mbun cleasa bior.

‘Maith an báire sin,’ arsa Fear Oide.

‘Maith ón,’ arsa Midhir.

‘Cé is ceann báire orthu?’

‘Mac Feabhail a shloinne. Triath a ainm.’

‘Gael?’

‘Fear Bolg. A athair is reachtaire i measc a chine féin.’

Lig an macra gáir. Sliotar eile curtha ag Triath mac Feabhail i líon an bháire.

Nuair ba chaite tráth sin na gcluichí, leag an macra uathu a gcuid bonsacha agus a gcranna báire, agus dhruid leo chuig an mboth foghlama chun feasa agus chun foirheadail. Fear Oide i lár an bhotha. Gach mac den mhacra ina shuí ar bhun crainn. Labhair Fear Oide.

‘Eolas Inse Fáil!’ ar sé.

Biorú na gcluas istigh, cluasa an mhacra.

‘Trí mhá?’ arsa an t-oide.

‘Maigh Bhré, Maigh Cruachan, Maigh Life.

‘Trí áth?’

‘Áth Luain, Áth Coille, Áth Cliath.’

‘Trí dhúiche gan bhóthar gan tóchar?’

ÉADAOIN

‘Bréifne, Boireann, Béara.’

Tar éis eolas Inse Fáil, tugadh seal ar an tomhas céille:

‘An trí lán?’ arsa an t-oide.

‘Blaosc cnó, corn bó, ubh circe,’ arsa an macra.

‘Trí chrann feasa?’

‘Dair, coll, caorthann.’

‘Trí áilleacht ar aonach?’

‘Bean chaomh, each luath, cú sheang.’

Ó tugadh seal ar an tomhas céille, chuathas le fios na héigse:

‘Trí chúram file?’ arsa an t-oide.

‘Rosc, rann, agus riail.’

‘Trí rún draoi?’

‘Rúsc, luibh, toit.’

Ó canadh fios na héigse, chuathas seal le rún na cruinne:

‘Trí áit, trí ghin?’ arsa an t-oide.

‘Broinn mná, úth bó, inneoin gabhann.’

‘Trí ní gan chónaí?’

‘Beach, tonn, lasair.’

D’eitil fáinleog isteach sa mboth, na faon-eití ag tobscuabadh an aeir.

D’fhéach Fear Oide an t-éan. Chas dual dá fhéasóg faoina mhéar.

‘Trí ní nach féidir éalú orthu?’ ar sé.

Is é Aonghas a labhair: ‘Cuileog, eascann, agus scáth an éin.’

‘Slán an focal,’ arsa Fear Oide, ‘scor go fóill!’



Húirte háirte! Ag fágáil bhoth na foghlama don mhacra, chuir Triath mac Feabhail cogar i gcluais Aonghasa Óig.

‘Sliotar i mo dhorn,’ ar sé, ‘ciotóg nó deasóg?’

‘Ní nós liomsa labhairt le clann na bhFear Bolg,’ arsa Aonghas.

Chuir Triath a smut agus a smig san aer.

‘Maidir leat féin,’ ar sé, ‘an mac nach fios cén chú a chac é!’

Gheit croí Aonghasa ina chléibh. ‘Fios do bhriathar chugam!’ ar sé.

Focal níor chan Triath, ach a dhá láimh ar a dhá chorróg go fonóideach.

Chas Aonghas Óg tuaifeal ar a sháil, agus thug barr na faiche air féin go dithneasach, a dhá shúil fuaite den talamh, a aigne chomh suaite le cleite fáin i gcuilithí na habhann, an meirbh-allas ag briseadh ar a éadainín agus ar a urla. Dar leis ariamh gur mhac le Midhir é, mac le Midhir agus oidhre fine agus fearainn ar an sí! Shiúil sé leis agus rún daingean ina chroí fios

ÉADAOIN

agus fáth an scéil a thabhairt chun follais gan feitheamh.

Faoi chrann fuinseoige a bhí Midhir. É i mbun fichille. Dhearc sé an mac chuige an cosán aníos go béalteann buartha. Tháinig Aonghas i leith.

‘Céard is fáth do bhuartha, a mhic?’

Ba thúisce tocht ná scéal.

‘Triath mac Feabhail a thug masla agus achasán dom,’ ar sé ar tharraingt athanála dó.

D’imir Midhir beart fichille.

‘Cén masla?’

Chrom Aonghas a cheann. Ba náir leis an nath.

‘An mac nach fios cén chú a chac é.’

Focal níor chan Midhir, ach lig a shainosna.

‘Cé hiad m’athair agus mo mháthair?’ arsa Aonghas.

D’éirigh Midhir ina sheasamh gur fhéach an mac.

‘Is mise t’athair altramais, ach is é an Daghda t’athair féin,’ ar sé.

‘An Daghda?’

‘Is ea. Eisean is sine fios agus fearann in Éirinn.’

‘Cé is máthair dom?’

‘Bóinn.’

Cluineadh gártha an mhacra i mbun a gcluiche ar an má thíos.

‘Is mian liom aithne a chur ar m’athair agus ar

mo mháthair,' arsa Aonghas, 'agus is náir liom mo cheilt anseo gan dearbhfhine.'

'Rachaimid go hUisneach amárach,' arsa Midhir.

III

Tigh an Daghdha is in Uisneach a bhí. In Uisneach Mí, i gceartlár Inse Fódla. Ceithre dhoras ar an teach sin. Amharc ón teach ar cheithre harda na hÉireann. Siar: Áth Luain, Áth Eascrach, Áth Oirbeann. Soir: Máigh Bhré, Áth Cliath. Ó thuaidh: Teafa, an Bhréifne, Loch Éirne. Ó dheas: Sliabh Bladhma, Sí na mBan Fionn.

Amharc fós tigh an Daghdha ar fhithis na gealaí. Amharc ar roth na gréine. Agus amharc ar dhís mharcach an tóchar aduaidh. Dhá each faoin dís mharcach sin. Dhá each ghlasdubha agus a n-eireabaill fite ina dtrilseáin. Iad cluasdearg cruinnchrúbach, biorach broinnleathan, airgiúil aigeanta. Bhain an ghrian splanc as an torc tiarnúil órdhuilleach a bhí ina dhíon uchta agus urbhrinne ar an marcach ba mhó den dís.

Chuir an Daghdha a dhá bhois ar bharr a mhaide mhóir mhaolmhullaigh, chuir an maide mór maolmhullaigh sin faoina smig smugairleach smearfhéasógach, agus dhearc uaidh an bealach soir go meigeall-smaointeach.